# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/574 ÓN gCOIMISIÚN

## an 30 Márta 2021

## lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375 agus Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte gníomhaí prósulfúróin

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2)(c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375 ón gCoimisiún ([2]), rinneadh athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí prósulfúrón mar shubstaint atá le hionadú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(2) Le formheas na substainte gníomhaí prósulfúrón, mar a leagtar amach i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([3]), áiríodh leis sin srian go mbeadh úsáid prósulfúróin teoranta d’aon úsáid amháin gach 3 bliana ar an ngort céanna ag uasdáileog de 20 g de shubstaint ghníomhach in aghaidh an heicteáir.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, an 12 Deireadh Fómhair 2016, chuir Syngenta Crop Protection AG iarratas faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir ainmnithe, an Fhrainc, ag iarraidh leasú ar na coinníollacha maidir le formheas prósulfúróin chun deireadh a chur leis an srian sin. Chinn an Ballstát is rapóirtéir ainmhithe an t-iarratas a bheith inghlactha.

(4) Rinne an Ballstát is rapóirtéir ainmnithe measúnú ar úsáid leasaithe na substainte gníomhaí prósulfúrón i ndáil leis na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol i gcomhréir le forálacha Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus d’ullmhaigh sé tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan, agus cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) agus an Choimisiúin an 5 Aibreán 2018.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, scaip an tÚdarás an tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit chun barúlacha a fháil agus chuir sé ar fáil don phobal í. I gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, iarradh faisnéis bhreise ar an iarratasóir. Rinne an Fhrainc meastóireacht ar an bhfaisnéis bhreise agus chuir sí tuarascáil athbhreithnithe maidir le measúnú ar athnuachan faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis an 28 Feabhra 2019.

(6) An 15 Meitheamh 2020, chuir an tÚdarás a chonclúidí ([4]) in iúl don Choimisiún i dtaobh an bhféadfaí a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh an tsubstaint ghníomhach prósulfúrón na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

---

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375 ón gCoimisiún an 2 Márta 2017 maidir le hathnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí prósulfúrón, mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún. (IO L 58, 4.3.2017, lch. 3).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([4]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2020. Conclúid maidir le hathbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca i gcás na substainte gníomhaí prósulfúrón. *Iris EPSA* 2020;18(7):6181, 20 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6181

(7) Chuir an Coimisiún aguisín a ghabhann leis an tuarascáil athbhreithnithe maidir le prósulfúrón agus dréacht-Rialachán freisin faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 23 Deireadh Fómhair 2020.

(8) Iarradh ar an iarratasóir barúlacha a chur isteach maidir leis an aguisín a ghabhann leis an tuarascáil athbhreithnithe.

(9) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad a bhfuil an tsubstaint ghníomhach prósulfúrón ann, i gcás ina mbaintear úsáid as an táirge sin go bliantúil, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, is iomchuí deireadh a chur leis an srian lena dteorannaítear úsáid prósulfúróin d'aon úsáid amháin gach 3 bliana ar an ngort céanna ag uasdáileog de 20 g de shubstaint ghníomhach in aghaidh an heicteáir.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375 agus Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/375, cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs an cholúin "Forálacha sonracha":

"Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach, dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, déanfar conclúidí na tuarascála athbhreithnithe maidir le prósulfúrón lena n-áirítear a aguisín, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis, a chur san áireamh.

Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar an méid seo a leanas:

— cosaint screamhuisce, nuair a bhaintear úsáid as an tsubstaint i réigiúin ina bhfuil ithir leochaileach agus/nó dálaí aeráide leochaileacha;

— cosaint tomhaltóirí, agus teagmháil le meitibilítí prósulfúróin á cur san áireamh;

— an riosca do phlandaí talún agus uisceacha nach spriocphlandaí iad.

Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca, i gcás inarb iomchuí."

*IARSCRÍBHINN II*

In ionad an cholúin 'Forálacha sonracha' de shraith 6, prósulfúrón i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuirtear an méid seo a leanas:

'Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach, dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, déanfar conclúidí na tuarascála athbhreithnithe maidir le prósulfúrón lena n-áirítear a aguisín, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis, a chur san áireamh.

Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar an méid seo a leanas:

— cosaint screamhuisce, nuair a bhaintear úsáid as an tsubstaint i réigiúin ina bhfuil ithir leochaileach agus/nó dálaí aeráide leochaileacha;

— cosaint tomhaltóirí, agus teagmháil le meitibilítí prósulfúróin á cur san áireamh;

— an riosca do phlandaí talún agus uisceacha nach spriocphlandaí iad.

Áireofar ar na coinníollacha úsáide na bearta maolaithe riosca, i gcás inarb iomchuí.'